**Deireadh Fómhair 2021**

**Cosaint Sonraí – Ráiteas Príobháideachais**

# Próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta ó chuairteoirí ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa

Baineann an ráiteas príobháideachais seo leis an bpróiseáil a dhéanann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) ar na sonraí pearsanta a bhailíonn sí ó chuairteoirí go dtí a háitreabh.

Tá cur síos thíos ar an gcaoi a ndéanann CIE do shonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint.

## Cé atá freagrach as do chuid sonraí a láimhseáil?

Is é an tOifigeach Slándála Fisiciúla atá freagrach as oibríochtaí próiseála sonraí.

## Cén fáth a mbailímid do chuid sonraí?

Bailímid sonraí chun rochtain a thabhairt d'áitreabh na Cúirte, chun gach cuairteoir a bhainistiú agus súil a choinneáil orthu, agus chun cártaí rochtana a eisiúint. Cuirfidh sé sin ar ár gcumas beart a dhéanamh ar iarratas uait (m.sh. do chuairteanna staidéir agus faisnéise, nó chun an ceaintín a úsáid).

I gcás cuairteoirí nach bhfuil faoi cheangal ag conradh nó ag conradh féideartha, is ionann toiliú leis na cleachtais sonraí a bhfuil cur síos orthu sa ráiteas seo agus foirm an chuairteora a líonadh isteach.

Ní mór do gach cuairteoir foirm an chuairteora a líonadh isteach, nó diúltófar dóibh rochtain a fháil ar áitreabh CIE ina éagmais sin.

## Céard iad na rialacha a rialaíonn úsáid do chuid sonraí?

Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir

le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, atá mar chreat dlíthiúil do shonraí pearsanta a phróiseáil ag an gCúirt.

Is é an bunús dlí atá le do shonraí pearsanta a phróiseáil ná an gá cúram a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, m.sh. slándáil inmheánach CIE a bhainistiú. Tá an tseiceáil Covid ag teastáil mar gheall ar chinneadh ón gCúirt, mar fhreagra ar an bpaindéim.

## Cé na sonraí pearsanta a bhailímid?

Baileofar sonraí sna catagóirí seo a leanas: d'ainm iomlán, dáta agus áit bhreithe, náisiúntacht, inscne, ainm na heagraíochta, faisnéis faoi dhoiciméad aitheantais (uimhir, dáta eisiúna, dáta éaga agus údarás eisiúna), an teanga/na teangacha a úsáideadh, uimhir an chárta rochtana, faisnéis maidir le rochtain ar áitreabh CIE (dáta na chéad iontrála, agus dáta/am a ngníomhófar an pointe rialaithe rochtana).

Anuas air sin, déanfaimid do sheiceáil Covid priontáilte a dheimhniú de láimh nó an cód QR lena mbaineann a scanadh, fad a mhairfidh imthosca eisceachtúla na paindéime Covid-19. Chuige sin, bainfear úsáid as an aip oifigiúil CovidCheck.lu, atá curtha ar fáil ag údaráis Lucsamburg. De rogha air sin, is féidir le cuairteoirí gan teastas Covid 19 cruthúnas ar théarnamh nó tástáil dhiúltach Covid-19 a thaispeáint ag an mbealach isteach. Ní dhéantar sonraí a shábháil ná a thaifeadadh. Tugadh an beart sin isteach mar fhreagairt ar an bpaindéim chun foirgnimh CIE agus sláinte a foirne a chosaint.

## Cá fhad a choinneoimid do shonraí?

Coimeádtar do shonraí pearsanta ar feadh trí mhí dhéag (13), seachas faisnéis maidir le pointí rialaithe rochtana a ghníomhachtú, a choimeádtar ar feadh sé mhí.

## Cé acu a bhfuil rochtain ar do chuid faisnéise, agus cé leis a nochtfar í?

Déanfaidh an tSeirbhís Slándála agus Sábháilteachta (SSS) do shonraí pearsanta a phróiseáil. Ní dhéanfar sonraí sláinte a phróiseáil ag duine ar bith eile.

Is ag foireann SSS amháin atá rochtain ar do shonraí pearsanta.

Má chuireann tú gearán isteach, féadfar do shonraí pearsanta a chur ar aghaidh go faighteoirí eile, m.sh. an tOmbudsman Eorpach, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, agus Oifigeach Cosanta Sonraí CIE.

## Céard iad na bearta slándála a dhéantar chun do chuid faisnéise a chosaint ar mhí-úsáid nó ar rochtain neamhúdaraithe?

Déantar tacair sonraí a stóráil go slán i lárionad sonraí na Cúirte i Lucsamburg, agus dá bhrí sin, tá siad clúdaithe ag na bearta éagsúla a dhéantar chun infhaighteacht, sláine agus rúndacht shócmhainní leictreonacha na hinstitiúide a chosaint.

Úsáidtear SERVICENOW mar phróiseálaí chun iarratais ar chearta rochtana do chuairteoirí a bhainistiú. Ráthaíonn clásail sna conarthaí idir CIE agus an próiseálaí cosaint chuí ar na sonraí a dhéantar próiseáil orthu. Tá SERVICENOW deimhnithe ag ISO27001.

Tá rochtain ar shonraí pearsanta teoranta do ghrúpa úsáideoirí ar leith. Deonaítear cearta rochtana ar bhonn riachtanais, agus cuirtear ról, post agus cúraimí an duine lena mbaineann san áireamh. Déantar na cearta sin a nuashonrú go leanúnach de réir mar a thagann athrú ar thascanna foirne.

Tá freagracht fhoriomlán ar Ardrúnaí CIE as na rialacha maidir le cearta rochtana a chur chun feidhme agus na rialacha maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh, ach tá freagracht sna réimsí sin tarmligthe aige chuig eintitis éagsúla.

Tá beartas slándála faisnéise ag an gCúirt, agus tá Oifigeach Slándála Faisnéise (ISO) aici freisin a dhéanann cinnte go gcuirtear an beartas chun feidhme i gceart agus go ndéantar éifeachtúlacht na seiceálacha gaolmhara a thástáil.

## Cé na cearta atá agat?

Tá do chearta sonraí pearsanta leagtha amach in Airteagail 17 go 24 de Rialachán (AE) 2018/1725.

Tá sé de cheart agat rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta agus iad a cheartú gan moill mhíchuí má tá siad míchruinn nó neamhiomlán. Tá sé de cheart agat iarraidh orainn do shonraí pearsanta a scriosadh nó a n-úsáid a shrianadh, faoi réir coinníollacha áirithe. Más infheidhme, tá sé de cheart agat agóid a dhéanamh am ar bith i gcoinne phróiseáil do shonraí pearsanta, ar bhonn a bhaineann le do chás ar leith, agus an ceart chun iniomparthacht sonraí. Féadfar feidhm a bheith ag roinnt srianta maidir le do chearta i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 42-2021 ón gCúirt an 20 Bealtaine 2021, atá foilsithe anseo.

Déanfaimid d’iarratas a mheas, cinneadh a ghlacadh agus cuirfimid é in iúl duit gan aon mhoill mhíchuí, agus laistigh d’aon mhí amháin (1) tar éis an t-iarratas a fháil pé scéal é. Féadfar síneadh dhá (2) mhí eile a chur leis an tréimhse sin más gá. Cuirfear an síneadh (más ann dó) in iúl duit laistigh d’aon mhí amháin (1) tar éis an t-iarratas a fháil, mar aon leis na cúiseanna atá leis an moill.

Is féidir leat do chearta a fheidhmiú trí theagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí, agus na sonraí teagmhála atá tugtha thíos a úsáid.

## Cé leis ar cheart duit teagmháil a dhéanamh má tá ceist nó gearán agat?

Is é an chéad phointe teagmhála atá agat ná ECA-security@eca.europa.eu.

Féadfaidh tú dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí na Cúirte (eca-data-protection@eca.europa.eu) ag tráth ar bith má bhíonn aon ábhar imní nó aon ghearán agat faoi phróiseáil do shonraí pearsanta.

Oifigeach Cosanta Sonraí
Cúirt Iniúchóirí na hEorpa
12, rue Alcide De Gasperi
L-1615 LUXEMBOURG

Tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (edps@edps.europa.eu) ag tráth ar bith maidir le próiseáil do shonraí pearsanta.